Gaelchultúr

Gramadach gan Stró!

Éamonn Ó Dónaill

Clár Ábhair

Buíochas		v
Réamhrá		vi
Aonad 1	Téarmaíocht na Gramadaí	1
Aonad 2	An tAinmfhocal 1	7
Aonad 3	Réamhfhocail Shimplí	27
Aonad 4	Réamhfhocail Shimplí agus an tAlt	33
Aonad 5	An tAinmfhocal 2 (An Tuiseal Gairmeach)	39
Aonad 6	An tAinmfhocal 3 (An Tuiseal Ginideach)	45
Aonad 7	An Aidiacht 1	61
Aonad 8	An Aidiacht 2	69
Aonad 9	An Aidiacht 3	77
Aonad 10	An Briathar 1 (An Modh Ordaitheach)	83
Aonad 11	An Briathar 2 (An Aimsir Chaite)	91
Aonad 12	Na Bunuimhreacha	99
Aonad 13	An Briathar 3 (An Aimsir Láithreach)	109
Aonad 14	Dátaí/Na hOrduimhreacha	119
Aonad 15	Suíomh, Gluaiseacht agus Am	125
Aonad 16	An Clásal Coibhneasta	131
Aonad 17	Na hUimhreacha Pearsanta	137
Aonad 18	An Briathar 4 (An Aimsir Fháistineach)	143
Aonad 19	Aidiachtaí Sealbhacha	153
Aonad 20	Na Forainmneacha Réamhfhoclacha	161
Aonad 21	An Chopail **Is**	165
Aonad 22	An Briathar 5 (An Modh Coinníollach/**Má** agus **Dá**)	171
Aonad 23	An Briathar 6 (An Briathar Saor)	183
Aonad 24	An tAinm Briathartha agus an Aidiacht Bhriathartha	193
Aonad 25	An Briathar 7 (An Aimsir Ghnáthchaite)	201
Freagraí, Aguisíní agus Innéacs		211
Freagraí na gCleachtaí		212
Aguisín 1	Díochlaontaí an Ainmfhocail	219
Aguisín 2	Logainmneacha	222
Aguisín 3	Áiseanna ar an nGréasán agus Ríomhchláir	223
Aguisín 4	Cúrsaí Poncaíochta	225
Aguisín 5	Varia	229
Innéacs		231

Aonad 7: An Aidiacht 1

San aonad seo foghlaimeoidh tú faoi na nithe seo:

- an tslí a réitíonn aidiachtaí agus ainmfhocail le chéile
- aidiachtaí san uimhir iolra
- séimhiú ar aidiachtaí san uimhir iolra
- aidiachtaí a choimrítear
- **droch**- agus **sean**-
- na réimíreanna **an**- agus **ró**-
- na haidiachtaí taispeántacha

An aidiacht san uimhir uatha

Réitíonn an aidiacht leis an ainmfhocal de réir tuisil agus inscne. Séimhítear aidiacht a cháilíonn ainmfhocal baininscneach sa tuiseal ainmneach, cuspóireach agus gairmeach uatha.

Ainmfhocal firinscneach	*Ainmfhocal baininscneach*
+ aidiacht	*+ aidiacht*
lá maith	oíche **mh**aith
cúrsa deacair	obair **dh**eacair

An aidiacht i ndiaidh réamhfhocail shimplí + an t-alt + ainmfhocal

Ainmfhocal firinscneach	*Ainmfhocal baininscneach*
ar an lá deireanach	ar an oíche **dh**eireanach
ag an bhfear bocht	ag an mbean **bh**ocht

Nóta: I nGaeilge Uladh, séimhítear aidiacht a leanann ainmfhocal firinscneach a bhfuil réamhfhocal simplí agus an t-alt ag teacht roimhe.

ar an lá **dh**eireanach
ag an fhear **bh**ocht

D, n, t, l, s

Nuair a thagann na litreacha **d**, **n**, **t**, **l**, **s** le chéile ag deireadh ainmfhocail agus ag tús aidiachta, bíonn séimhiú fós i gceist.

bialann **Sh**íneach
bean **dh**eas

An aidiacht san uimhir iolra

Má bhíonn an t-ainmfhocal san uimhir iolra, caithfidh an aidiacht a bheith san iolra chomh maith.

Uimhir uatha	*Uimhir iolra*
ceist dheacair	ceisteanna deacra

Seo thíos an tslí a gcuirtear na cineálacha éagsúla aidiachta san uimhir iolra.

	Uimhir uatha	Uimhir iolra
Cuirtear …		
-**a** le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan leathan san uimhir uatha	teach mór	tithe mór**a**

-**e** le haidiacht a chríochnaíonn ar chonsan caol san uimhir uatha	guth binn	guthanna binn**e**
Athraíonn ...		
-**úil** go -**úla** -**air** go -**ra**	duine suimiúil lá deacair	daoine suimi**úla** laethanta deac**ra**
Ní athraíonn ...		
aidiacht a chríochnaíonn ar ghuta san uimhir uatha *Eisceachtaí:* **breá** agus **te** Athraíonn **te** go **teo** san iolra agus athraíonn **breá** go **breátha**	cóta buí oíche the duine breá	cótaí buí oícheanta te**o** daoine breá**tha**

Séimhiú ar aidiachtaí san uimhir iolra

Ní shéimhítear aidiacht san uimhir iolra de ghnáth.

Uimhir uatha	*Uimhir iolra*
scrúdú deacair	scrúduithe deacra
bialann dheas	bialanna deasa

Séimhítear aidiacht san iolra, áfach, nuair a leanann sí ainmfhocal a chríochnaíonn ar chonsan caol, fiú nuair a bhíonn na litreacha **d**, **n**, **t**, **l**, **s** ag teacht le chéile ag deireadh na haidiachta agus ag tús an ainmfhocail.

na teaghlai**gh bh**eaga
turai**s dh**eacra
amhrái**n dh**easa

Ní bhaineann an riail seo leis an ainmfhocal, áfach. Ní shéimhítear ainmfhocail éiginnte dar tús **d**, **t**, **s** i ndiaidh ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar **d**, **n**, **t**, **l**, **s** caol.

bái**d** seoil
eastái**t** tithíochta
cuma**inn** trádála

Ní shéimhítear ainmfhocail dar tús **f** i ndiaidh ainmfhocal iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol.

comha**id** fuaime
bai**ll** foirne

Aidiachtaí a choimrítear

Tá roinnt aidiachtaí a ndéantar coimriú orthu san uimhir iolra, is é sin, cailleann siad guta nó dhó.

Uatha	*Iolra*
aoibhinn	aoibhne
bodhar	bodhra
daingean	daingne
deacair	deacra
domhain	doimhne
folamh	folmha
íseal	ísle
láidir	láidre
milis	milse
ramhar	ramhra
righin	righne
saibhir	saibhre
sleamhain	sleamhna
socair	socra
uasal	uaisle

Droch- agus sean-

Cuirtear **droch**- agus **sean**- *roimh* an ainmfhocal – ní féidir iad a chur ina dhiaidh.

	droch-	**sean-**
Consain Séimhítear iad	droch**dh**uine droch**th**impiste	sean**bh**ean sean**ch**ara
Gutaí Ní athraíonn siad	drochaiste drochamhránaí	seanaisteoir seanealaíontóir

Ní shéimhítear **d**, **t**, **s** tar éis **sean**-.

sea**nd**uine
sea**nt**each
sea**ns**aighdiúir

Ní chuirtear fleiscín tar éis **droch**- ach amháin nuair a leanann na litreacha **ch** é.

dro**ch-ch**lú
dro**ch-ch**oinníollacha

Ní chuirtear fleiscín tar éis **sean**- ach amháin nuair a leanann an litir **n** é.

sea**n-n**ós
sea**n-n**amhaid

Cleachtadh 7.1

Athraigh na focail idir lúibíní thíos más gá. I gcás ainmfhocal san uimhir uatha, féach san fhoclóir mura bhfuil tú cinnte cé acu a bhfuil siad firinscneach nó baininscneach.

1. daoine (láidir) _____
2. crainn (mór, ard) _____
3. amhráin (fada, suimiúil) _____
4. ballaí (mór, daingean) _____
5. oícheanta (fuar, fliuch) _____
6. Scaip an (bileog) (buí) _____ ar an rang.
7. Is scríbhneoir (cáiliúil) _____ é anois.
8. Bhí fear (céile) _____ Shíle agus bean _____ (céile) Liam ansin le chéile.
9. Tá bialann (Francach) _____ oscailte i lár an bhaile anois.
10. Tá gruaig (fada, dubh) _____ uirthi agus tá súile (donn) _____ aici.
11. clúdaigh (glas) _____
12. laethanta (fada), (te) _____
13. Is fir (saibhir) _____ iad.
14. cácaí (milis) _____
15. eastáit (deas) _____

Cleachtadh 7.2

Cuir gach ainmfhocal agus aidiacht san uimhir iolra.

1. an cúrsa fada _____
2. an t-ábhar deacair _____
3. an t-éadach faiseanta _____
4. an léine ghlas _____
5. an t-amadán mór _____
6. teaghlach Éireannach _____
7. léacht spéisiúil _____
8. ceolchoirm thraidisiúnta _____
9. an fhéile Cheilteach _____
10. cumann maith _____
11. dualgas poiblí _____
12. bialann Fhrancach _____
13. an aiste dheacair _____
14. an bóthar sleamhain _____
15. an t-amhrán dúshlánach _____

Cleachtadh 7.3

Athraigh na haidiachtaí idir lúibíní más gá.

1. bean (dathúil) _____
2. fear (dathúil) _____
3. anlann (deas) _____
4. ceardlann (fada) _____
5. an cúrsa (páirtaimseartha) _____
6. an scrúdú (deacair) _____
7. an iníon (cliste) _____
8. an mac (cliste) _____
9. sráid (fada) _____
10. sráidbhaile (Gearmánach) _____
11. cóisir (mór) _____
12. an bhean (cineálta) _____
13. an múinteoir (díograiseach) _____
14. an scuaine (fada) _____
15. tuarascáil (bliantúil) _____

Cleachtadh 7.4

Cuir gach ainmfhocal agus aidiacht thíos san uimhir uatha.
Mar shampla: bileoga glasa bileog ghlas

1. sráidbhailte deasa _____
2. tíortha teo _____
3. leabhair mhaithe _____
4. cathaoireacha boga _____
5. fuinneoga briste _____
6. mná maithe _____
7. amhráin Ghaeilge _____
8. daoine uaisle _____
9. cathracha móra _____
10. laethanta breátha _____
11. tuairiscí gearra _____
12. caidrimh fhadtéarmacha _____
13. ceolchoirmeacha fada _____
14. sráideanna dainséaracha _____
15. rúin dhaingne _____

Na réimíreanna an- agus ró-

Séimhítear na consain (seachas **d**, **t**, **s**) tar éis **an**-.

maith	an-**mh**aith
mór	an-**mh**ór
fada	an-**fh**ada
óg	an-óg
aosta	an-aosta
amaideach	an-amaideach

Bíonn fleiscín i gcónaí tar éis **an**-.

Séimhítear consain a leanann **ró**-.

mór	ró**mh**ór
deas	ró**dh**eas
saibhir	ró**sh**aibhir
óg	ró-óg
aosta	ró-aosta
amaideach	ró-amaideach

Tabhair faoi deara go mbíonn fleiscín idir **ró**- agus guta i gcónaí; ní bhíonn fleiscín idir **ró-** agus consan de ghnáth.

Achoimre

*An réimír **an-***

Na consain (seachas d, t, s) Séimhítear iad	Na consain d, t, s Ní shéimhítear iad	Na gutaí (a, e, i, o, u) Ní thagann aon athrú orthu
an-**mh**aith	an-deas	an-óg
an-**ch**airdiúil	an-te	an-íseal
an-**fh**uar	an-saibhir	an-éasca

*An réimír **ró-***

Na consain Séimhítear iad	Na gutaí (a, e, i, o, u) Ní thagann aon athrú orthu
ró**mh**aith	ró-óg
ró**ch**airdiúil	ró-íseal
ró**bh**og	ró-éasca
ró**dh**eas	ró-ard

Cleachtadh 7.5

*Cuir na réimíreanna **an-** agus **ró-** roimh gach aidiacht.*

1. deas	an-deas	ródheas	11. suimiúil	_____	_____
2. mór	_____	_____	12. deacair	_____	_____
3. uasal	_____	_____	13. álainn	_____	_____
4. cineálta	_____	_____	14. cumasach	_____	_____
5. sásta	_____	_____	15. bríomhar	_____	_____
6. fliuch	_____	_____	16. éifeachtach	_____	_____
7. casta	_____	_____	17. tostach	_____	_____
8. crua	_____	_____	18. domhain	_____	_____
9. béasach	_____	_____	19. sean	_____	_____
10. tiubh	_____	_____	20. foighneach	_____	_____

Na haidiachtaí taispeántacha

Nuair a úsáidtear na haidiachtaí taispeántacha **seo** agus **sin** sa chaint, cuirtear an bhéim ar an ainmfhocal, ní ar an aidiacht.

Samplaí:
An *fear* sin. (*That man.*)
An *ceann* seo. (*This one.*)

Níl sé ceart an bhéim a chur ar **seo** ná ar **sin**.

Meascann daoine na focail seo go minic - tabhair faoi deara an bhrí atá leo.

seo: *this*	anseo: *here*
sin: *that*	ansin: *there*

Cleachtadh 7.6

Cuir Gaeilge ar na nithe seo a leanas:

1. *I was there for a month.* _____
2. *She was here a week ago.* _____
3. *Sit here.* _____
4. *He's over there.* _____
5. *Come down here.* _____
6. *that man* _____
7. *this woman* _____
8. *That book is quite good.* _____
9. *this summer* _____
10. *I was ill that day.* _____

6. ag dréachtú na n-iarratas; 7. ag comhlíonadh na ndualgas; 8. vótaí na bPortaingéalach; 9. ag diúltú na bhfreagrachtaí; 10. cinneadh na bpáirtithe; 11. ag cumadh na ndánta; 12. ag liostú na n-ábhar; 13. obair na seandálaithe; 14. trasna na dteorainneacha; 15. ag seoladh na dteachtaireachtaí

Cleachtadh 6.13
1. imreoirí fhoireann na Gaillimhe; 2. ag moladh mhac Sheáin; 3. sagart paróiste na Carraige; 4. sagart pharóiste na Carraige; 5. obair phóilíní an aerfoirt; 6. stáisiún póilíní an aerfoirt; 7. tuarascáil airgeadais na Parlaiminte; 8. oibrithe Pharlaimint na hEorpa; 9. ag plé chinneadh na cúirte; 10. coiste forbartha an bhaile; 11. tionscadal anailíse córas; 12. scéim athchóirithe fostaíochta

Cleachtadh 6.14
1. in aice dhoras oifig an phríomhfheidhmeannaigh; 2. coláistí oiliúna cheantar Bhaile Átha Cliath; 3. ag plé chinntí na cuideachta; 4. oifigeach cumarsáide Dheoise Chill Ala; 5. próiseas measúnaithe damáistí; 6. an Foras Forbartha Trádála agus Gnó; 7. obair dheonach bhaill Chumann Alzheimer na hÉireann; 8. tinneas maidine bhean Chathail; 9. de bharr dheacrachtaí foghlama pháistí an cheantair; 10. ag moladh dhíograis bhaill choiste forbartha an pharóiste

Aonad 7

Cleachtadh 7.1
1. daoine láidre; 2. crainn mhóra, arda; 3. amhráin fhada, shuimiúla; 4. ballaí móra, daingne; 5. oícheanta fuara, fliucha; 6. an bhileog bhuí; 7. scríbhneoir cáiliúil; 8. fear céile, bean chéile; 9. bialann Fhrancach; 10. gruaig fhada, dhubh, súile donna; 11. clúdaigh ghlasa; 12. laethanta fada, teo; 13. fir shaibhre; 14. cácaí milse; 15. eastáit dheasa

Cleachtadh 7.2
1. na cúrsaí fada; 2. na hábhair dheacra; 3. na héadaí faiseanta; 4. na léinte glasa; 5. na hamadáin mhóra; 6. teaghlaigh Éireannacha; 7. léachtaí spéisiúla; 8. ceolchoirmeacha traidisiúnta; 9. na féilte Ceilteacha; 10. cumainn mhaithe; 11. dualgais phoiblí; 12. bialanna Francacha; 13. na haistí deacra; 14. na bóithre sleamhna; 15. na hamhráin dhúshlánacha

Cleachtadh 7.3
1. bean dhathúil; 2. fear dathúil; 3. anlann deas; 4. ceardlann fhada; 5. an cúrsa páirtaimseartha; 6. an scrúdú deacair; 7. an iníon chliste; 8. an mac cliste; 9. sráid fhada; 10. sráidbhaile Gearmánach; 11. cóisir mhór; 12. an bhean chineálta; 13. an múinteoir díograiseach; 14. an scuaine fhada; 15. tuarascáil bhliantúil

Cleachtadh 7.4
1. sráidbhaile deas; 2. tír the; 3. leabhar maith; 4. cathaoir bhog; 5. fuinneog bhriste; 6. bean mhaith; 7. amhrán Gaeilge; 8. duine uasal; 9. cathair mhór; 10. lá breá; 11. tuairisc ghearr; 12. caidreamh fadtéarmach; 13. ceolchoirm fhada; 14. sráid dhainséarach; 15. rún daingean

Cleachtadh 7.5
1. an-deas, ródheas; 2. an-mhór, rómhór; 3. an-uasal, ró-uasal; 4. an-chineálta, róchineálta; 5. an-sásta, róshásta; 6. an-fhliuch, rófhliuch; 7. an-chasta, róchasta; 8. an-chrua, róchrua; 9. an-bhéasach, róbhéasach; 10. an-tiubh, róthiubh; 11. an-suimiúil, róshuimiúil; 12. an-deacair, ródheacair; 13. an-álainn, ró-álainn; 14. an-chumasach, róchumasach; 15. an-bhríomhar, róbhríomhar; 16. an-éifeachtach, ró-éifeachtach; 17. an-tostach, róthostach; 18. an-domhain, ródhomhain; 19. an-sean, róshean; 20. an-fhoighneach, rófhoighneach

Cleachtadh 7.6
1. Bhí mé ansin ar feadh míosa; 2. Bhí sí anseo seachtain ó shin; 3. Suigh anseo; 4. Tá sé thall ansin; 5. Tar anuas anseo; 6. an fear sin; 7. an bhean seo; 8. Tá an leabhar sin réasúnta maith; 9. an samhradh seo; 10. Bhí mé tinn an lá sin

Aonad 8

Cleachtadh 8.1
1. deireadh an ailt dheacair; 2. cíos an árasáin dhaoir; 3. deacrachtaí an teaghlaigh Ghaelaigh; 4. ag moladh an eagrais dheonaigh; 5. ag filleadh an chlúdaigh ghoirm; 6. barr an leathanaigh ghlais; 7. in aice an tsuíocháin chrua; 8. bás an tseanathar shaibhir; 9. ag léamh an leabhair thábhachtaigh; 10. ainm an chuairteora dheireanaigh; 11. uirlisí an cheoil thraidisiúnta; 12. ag glanadh an tseomra fholaimh

Cleachtadh 8.2
1. freagra na ceiste deacra; 2. trasna na sráide cúinge; 3. imeachtaí na féile Gaelaí; 4. obair na heagraíochta deonaí; 5. ag bun na spéire goirme; 6. ag cóipeáil na bileoige glaise; 7. ag deireadh na hoíche breátha; 8. cuid mac na seanmháthar saibhre; 9. ag scríobh na haiste deireanaí; 10. sceideal na féile Ceiltí; 11. fear céile na mná rua; 12. tar éis na léachta spéisiúla

Cleachtadh 8.3
1. tuismitheoirí an chailín dhíograisigh; 2. fadhbanna an imircigh eacnamaíoch; 3. ag deireadh an lae fhliuch; 4. foilsiú na tuarascála bliantúla; 5. foireann na bialainne Iodálaí; 6. stiúrthóirí an ghnólachta bhrabúsaigh; 7. tús na bliana acadúla; 8. deireadh an chúrsa fhada; 9. fear céile na mná finne; 10. ag cáineadh na tuairime daingne; 11. fiúntas na comhairle eolaíche; 12. tiománaí an chairr dheirg; 13. príomhthionscal na tíre saibhre; 14. athchóiriú an dlí choiriúil; 15. údar an ailt ghearr

Cleachtadh 8.4
1. na rialacha dochta (tréaniolra); 2. na bróga dubha (lagiolra); 3. na fir mhaithe (lagiolra); 4. na hoifigigh shinsearacha (lagiolra); 5. na heagraíochtaí deonacha (tréaniolra); 6. na cnoic arda (lagiolra); 7. na galair thógálacha (lagiolra); 8. na cathracha móra (tréaniolra); 9. na mic léinn Éireannacha (lagiolra); 10. na canúintí deacra (tréaniolra); 11. na hargóintí láidre (tréaniolra); 12. na coillte uaigneacha (tréaniolra)

Cleachtadh 8.5
1. ag briseadh na rialacha dochta; 2. ag deisiú na mbróg dubh; 3. ag moladh na bhfear maith; 4. dualgais na n-oifigeach sinsearach; 5. baill na n-eagraíochtaí deonacha; 6. os cionn na gcnoc ard; 7. ag leigheas na ngalar tógálach; 8. fadhbanna na gcathracha móra; 9. caighdeán oideachais na mac léinn Éireannach; 10. príomhthréithe na gcanúintí deacra; 11. de bharr na n-argóintí láidre; 12. ar imeall na gcoillte uaigneacha

Cleachtadh 8.6
1. Acht na gComhphobal Eorpach; 2. i gcoinne na n-athruithe móra; 3. focail na n-amhrán fada; 4. comhlíonadh na gcoinníollacha casta; 5. líon na ngearán oifigiúil; 6. fostaithe na n-eagras deonach; 7. íospartaigh na gcogaí fuilteacha; 8. cinntí na n-institiúidí tábhachtacha; 9. costas na ndeontas bliantúil; 10. os cionn na bhfuinneog mór; 11. rialtais na dtíortha contúirteacha; 12. grianghraif na bhfear dóighiúil; 13. tuairimí na nIodálach meánaicmeach; 14. gníomhartha na saighdiúirí Iosraelacha

Aonad 9

Cleachtadh 9.1
1. níos fuaire agus níos fliche; 2. níos dírí; 3. níos socra, níos sásta; 4. is teo agus is brothallaí; 5. is éirimiúla, is áille, is iontaí; 6. níos leisciúla agus níos drochmhúinte; 7. níos déine; 8. níos daoire; 9. níos tarraingtí; 10. níos éasca; 11. níos trioblóidí; 12. níos giorra; 13. níos minice; 14. níos uaillmhianaí; 15. níos cráite

Cleachtadh 9.2
1. níos airde; 2. níos dúshlánaí; 3. níos dorcha; 4. níos iomchuí; 5. níos fadtréimhsí; 6. níos eolaíche; 7. níos cáiliúla; 8. níos casta; 9. níos míshocra; 10. níos faide; 11. níos doimhne; 12. níos saibhre; 13. níos tapa; 14. níos glóraí; 15. níos moille

Gramadach gan Stró!

Tá *Gramadach gan Stró!* dírithe ar dhaoine a bhfuil caighdeán réasúnta maith bainte amach acu sa Ghaeilge labhartha cheana féin ach ar mian leo feabhas a chur ar a gcuid gramadaí. Tá sé oiriúnach dóibh siúd nach dtuigeann leabhair ghramadaí de ghnáth agus a gcuireann rialacha casta mearbhall orthu.

Ní fhéachtar sa leabhar seo le cur síos cuimsitheach a thabhairt ar ghramadach na Gaeilge; tá na gnéithe is lárnaí den ghramadach sin roghnaithe ag an údar agus tá iarracht déanta iad a chur i láthair i mbeagán focal. Ní bhaintear úsáid as téarmaíocht chasta ach tugtar neart samplaí chun patrúin éagsúla a léiriú.

Tá béim láidir ar úsáid laethúil agus eolas tugtha mar gheall ar na difríochtaí idir an rud a scríobhtar agus na leaganacha a bhíonn le cloisteáil sa chaint.

Tá ceachtanna le fáil i ngach aonad agus freagraí na gceachtanna sin tugtha ag deireadh an leabhair, rud a chabhróidh leis an úsáideoir agus é ag iarraidh greim a fháil ar na rialacha éagsúla.

Údar an leabhair

Is as Gaeltacht Ghaoth Dobhair ó dhúchas é Éamonn Ó Dónaill. Chaith sé sé bliana (1996-2002) ag obair mar Stiúrthóir ar an Teanglann i Roinn na Nua-Ghaeilge, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus d'oibrigh sé mar chomhairleoir teanga ina dhiaidh sin.

Bhí Éamonn ina chomhordaitheoir teanga ar dhá shraith teilifíse d'fhoghlaimeoirí Gaeilge go dtí seo: *Turas Teanga* (www.rte.ie/tv/turasteanga), a craoladh ar RTÉ sa bhliain 2004, agus *Now You're Talking*, a craoladh ar RTÉ agus ar an BBC i 1995. Tá sé ar dhuine de bhunaitheoirí Gaelchultúr Teoranta (www.gaelchultur.com) agus tá sé ag feidhmiú mar Stiúrthóir Oideachais na cuideachta sin ó bhí 2005 ann.

ISBN 978-0-9563614-3-1
9 780956 361431

Gaelchultúr

Urraithe ag Foras na Gaeilge